Imram

FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE – BÍMIS AG IOMRAMH



CEILIÚRADH SA PHRÍOMHCHATHAIR

10–15 Deireadh Fómhair/October 2006

TUESDAY 10 OCTOBER
Dé Máirt 10 Deireadh Fómhair

5.30pm Anthology Books
Saorchead isteach/Admission free
Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill / Meeting House Sq., Temple Bar

SEOLADH LEABHAIR/BOOK LAUNCH:
***dánta.com* le MÍCHEÁL Ó hUANACHÁIN**

Mícheál Ó hUanacháin is a journalist with RTÉ, and editor of the literary magazine ***Comhar***. His poetry has been translated into Scots Gaelic, Dutch, Spanish, Serbian and Romanian.

Tá ceithre chnuasach filíochta foilsithe cheana ag Mícheál – ***Go dTaga Léas, Crann Tógála, Aibítir Mheiriceá*** agus ***Tráchtaireacht ar na Cluichí Móra***.

6.30pm The Lab
Saorchead isteach/Admission free
Foley Street/Sráid Uí Fhoghlú

LAUNCH OF *AN LEABHAR MÓR* EXHIBITION

Cainteoirí: **Malcolm Maclean** agus laochra eile
Páistí ag léamh dánta/Children reading poems

Tuesday 10–Sunday 15 October, The Lab

AN LEABHAR MÓR EXHIBITION
Taispeántas an Leabhair Mhóir (Máirt go Domhnach)

An Leabhar Mór in eagar ag **Theo Dorgan** agus **Malcolm Maclean** ina bhfuil na céadta filí, ealaíontóirí agus peannairí ó Albain agus ó Éirinn. An saothar is maisiúla ó bhí na manaigh i mbun oibre. Beidh deis ag muintir na hardchathrach an bunsaothar a iniúchadh sa Lab, gailearaí nua Chomhairle Bhaile Átha Cliath i Sráid Uí Fhoghlú.

An Leabhar Mór/The Great Book of Gaelic – edited by **Theo Dorgan** and **Malcolm Maclean** – brings together 200 poets, artists and calligraphers from Scotland and Ireland to create a major artwork, a 21st century Book of Kells. During IMRAM, the people of Dublin can see the 100 original artworks exhibited in The Lab, Dublin City Council's new gallery in Foley Street, between 10am and 5pm, Tuesday 10 to Sunday 15 October.

Tuesday 10–Sunday 15 October

AN LEABHAR MÓR SCHOOLS OUTREACH PROGRAMME

In conjunction with Proiseact nan Ealan and Poetry Ireland, IMRAM has established a writer in residence programme in ten primary and post-primary schools throughout Dublin, Galway and Kilkenny. Using material from ***An Leabhar Mór***, leading writers will encourage children to write in Irish. Some of this work will feature in the exhibition launch.

An Leabhar Mór agus an tAos Óg

Tá scríbhneoirí cónaitheacha ceaptha ag IMRAM i gcomhar le Proiseacht nan Ealan agus Éigse Éireann/Poetry Ireland, scéim a chuimsíonn bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i gCill Chainnigh. Is iad an seisear scríbhneoirí ná **Áine Uí Fhoghlú**, **Áine Ní Ghlinn**, **Catherine Foley**, **Aifric Mac Aodha**, **Colette Nic Aodha** agus **Eilís Ní Dhuibhne**. Spreagfaidh siad Gaeil óga chun pinn agus beidh an toradh mar chuid den taispeántas.

Is iad na scoileanna atá páirteach sa tionscadal seo ná Gaelscoil Bhaile Munna, Gaelscoil Chluain Dolcáin, Gaelscoil Bharra, Coláiste Íosagáin agus Coláiste de hÍde, BÁC; Coláiste Pobail Osraí agus Coláiste Pobail Chaisleán an Chomair, Cill Chainnigh; Coláiste Cholmcille, Indreabhán, Scoil Iognáid, Gaillimh, agus Gairmscoil an Phiarsaigh, Ros Muc (i gcomhar le Pléaráca).

9.00pm Boom Boom Room
Cead isteach/Admission €10
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell / 70 Parnell Street

SAN JUAN DE LA CRUZ, FEDERICO GARCÍA LORCA Y MICHAEL HARTNETT
Naomh Eoin na Croise, Federico García Lorca agus Michael Hartnett

In association with the Cervantes Institute, the Irish Literature Exchange/Idirmhalartán Litríochta Éireann and *Comhar*.

Ceiliúradh Spáinneach ar an bhfile **Michael Hartnett** agus an saothar iontach le Naomh Eoin na Croise agus Lorca a thiontaigh sé. Bunleaganacha á léamh ag **Diego Valverde**, leaganacha Hartnett á léamh ag Tomás Mac Síomóin agus cloisfear saothar na beirte sin chomh maith.

Ceol a chuirfidh na smóilíní ag sclimpireacht i do chroí ó **Aindrias de Staic, Estaban Gonzalez agus na Lachikos**, meascán meisciúil de rumba, ceol giofógach agus flamenco, an ceangal cultúrtha idir an tír seo agus tuaisceart na hIbéire.

A special celebration of the poetry of the late **Michael Hartnett**, featuring his Irish and English translations of **St. John of the Cross** and **Federico García Lorca**. The original Spanish texts will be read by **Diego Valverde**; Michael Hartnett's versions will be read by **Tomás Mac Siomóin**. Both Diego and Tomás will also read a selection of their own work.

Music by **Aindrias de Staic, Estaban Gonzalez and the Lachikos** – a heady sonic brew of rumba reels, gypsy jigs and flamenco, celebrating the Atlantean links between the west of Ireland and northern Spain.

WEDNESDAY 11 OCTOBER
Dé Céadaoin 11 Deireadh Fómhair

1.00pm Anthology Books
Saorchead isteach /Admission free
Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill/ Meeting House Sq, Temple Bar

LÉAMH/READING:
LORCÁN Ó TREASAIGH & ÉILÍS NÍ DHUIBHNE

Lorcán Ó Treasaigh is the author of the acclaimed semi-autobiographical novel ***Céard é English?*** Writing in the *Observer*, Edna O'Brien declared that **Élís Ní Dhuibhne**'s 'prose shimmers like poetry'. Her books include ***Dúnmharú sa Daingean, Cailíní Beaga Ghleann na mBláth*** and ***Hurlamaboc***.

Tá mórchuid úrscéalta agus gearrscéalta foilsithe ag **Éilís Ní Dhuibhne** i mBéarla freisin, ina measc ***The Dancers Dancing*** agus ***The Inland Ice***. I measc na nduaiseanna litríochta atá buaite aici tá Duais Bisto, Duais Stewart Parker agus duaiseanna an Oireachtais. Scríobhann **Lorcán Ó Treasaigh** ficsean dírbheathaisnéisiúil i bprós filleata faoina óige i dteaghlach Gaelach i mBaile Átha Cliath.

WEDNESDAY 11 OCTOBER
Dé Céadaoin 11 Deireadh Fómhair

6.00pm Damer Hall
Saorchead isteach/admission free
Faiche Stiabhna / St Stephen's Green

LÉAMH/READING: PÁDRAIG Ó SNODAIGH, BRÍD NÍ MHÓRÁIN & AINDRIAS Ó CATHASAIGH (reading Irish versions of Bertolt Brecht)

I gcomhar le Éigse Éireann/In association with Poetry Ireland

Pádraig Ó Snodaigh is a seminal figure in Irish letters, not only as the country's leading Irish language publisher, but also as an historian, essayist and poet**. Bríd Ní Mhóráin** is the author of an acclaimed study of Iveragh peninsula Irish, ***Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn Bhreá***; her third poetry collection, ***Síolta an Iomais***, will be published soon. Aindrias Ó Cathasaigh's selected translations of Brecht, ***Chucu siúd a rugadh ina dhiaidh***, has just been published.

Mórphearsa i saol liteartha agus cultúrtha na tíre é an **Snodach**. Ní hé amháin gurb é an foilsitheoir is bisiúla againn é, is staraí, fear aistí, aistritheoir agus file é a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aige. ***Thiar sa Mhainistir atá an Ghaolainn Bhreá*** is teideal don staidéar ar Uíbh Ráthach a scríobh **Bríd Ní Mhóráin** agus tá an tríú cnuasach filíochta uaithi díreach tagtha ó CIC, ***Síolta an Iomais***. Tá ceiliúradh á dhéanamh ar fud an domhain ar Bhrecht i mbliana agus ní taise d'IMRAM é. Cuirfear an dúspéis sa leabhar ***Chucu siúd a rugadh ina dhiaidh***, dánta Bhrecht tiontaithe go Gaeilge ag **Aindrias Ó Cathasaigh**.

8.00pm Sugar Club
Cead isteach/ Admission €10
8 Sráid Líosan Íochtarach / 8 Lower Leeson Street

MÁIMÍN CAJUN BAND
LÉAMH/READING: COLM BREATHNACH, LIAM Ó MUIRTHILE & COLETTE NIC AODHA

Seo linn go Louisiana thiar theas leis an **Máimín Cajun Band.** Conamara agus Meiriceá, Conameiriceánachas is dócha. Oíche go maidin!

The seven-piece **Máimín Cajun Band** takes you on a musical journey through south west Louisiana – delivering infectious Cajun two steps and waltzes that compel you to dance. Lead vocalist Sean Monahan sings his original songs and Connemara songs through Irish. An experience not to be missed!

Poet, novelist, children's author, dramatist, the prolific **Liam Ó Muirthile** has just published ***Sister Elizabeth ag eitilt*** and ***Ar an bPeann***. Praised for the intimate and lyrical tone of his work, **Colm Breathnach** won the 1999 IACI/Butler Award for Poetry; his books include ***Croí agus Carraig*** and the just published ***Chiaroscuro***. **Colette Nic Aodha**'s latest bilingual collection is ***Between Curses/Bainne Géar***.

Beirt Chorcaíoch a bhfuil aithne ag an saol Fódlach orthu iad **Colm Breathnach** agus **Liam Ó Muirthile.** Wouldn't doubt ya, boy! Beidh **Colette Nic Aodha** i láthair freisin, chun smacht a choimeád orthu. Filíocht a chuirfidh ola ar do chroí.

THURSDAY 12 OCTOBER
Déardaoin 12 Deireadh Fómhair

1.00pm Anthology Books
Saorchead isteach/Admission free
Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill/Meeting House Sq, Temple Bar

DÍOSPÓIREACHT/DEBATE: AN 10 LEABHAR GAEILGE IS FEARR: AN RAIBH AN CEART AG *FOINSE*?

Smaoineamh maith ab ea é liosta de na deich leabhar Gaeilge is fearr a fhoilsiú ar *Foinse*. Beidh díospóireacht mhór ina thaobh. Cloisfear ó **Bhob Welch** (Eagarthóir ***Oxford Companion to Irish Literature***), ó **Liam Mac Cóil**, ó **Thomás Mac Síomóin**, ó **Anna Heussaff** – agus cloisfear uaitse chomh maith, má bhíonn tú i láthair.

A provocative debate on ***Foinse*** newspaper's recently published list of the 'ten best books in Irish'.

6.00pm Goethe-Institut Inter Nationes
Saorchead isteach/Admission free
37 Cearnóg Mhuirfean /37 Merrion Square

TRILINGUAL READING AND LAUNCH OF HILDE DOMIN BOOK WITH GABRIEL ROSENSTOCK & HANS-CHRISTIAN OESER

Seoladh leabhair: ***Crann Almóinní Milis agus Searbh***, rogha dánta le Hilde Domin, mórfhile a cailleadh i mbliana, á chur i láthair ag na haistritheoirí Gabriel Rosenstock agus Hans Christian-Oeser. Léamh trítheangach agus fáiltiú fial ina dhiaidh in áras an Goethe-Institut Inter Nationes.

'I should like to be riven by the things I see', wrote Hilde Domin (who died earlier this year), 'as though riven by lightning'. Her work explores life, love, language and the quest to define the Self.

'Is mar fhile grá a fhéachaimse ar Hilde Domin, grá don domhan, grá don bheatha, grá don teanga, grá don aistear i dtreo an Fhéin.' —Gabriel Rosenstock

7.00pm Coláiste Phádraig
Saorchead isteach/Adm free
Seomra D115, St. Patrick's College, Drumcondra, BÁC 9

'SAMUEL BECKETT AND MÁIRTÍN Ó CADHAIN: THE VEHEMENCE OF THE DEAD'

Léacht iarnóna (sa Bhéarla) ón **Ollamh Bob Welch** ar an gCadhnach agus Beckett
Lecture (in English) by **Professor Bob Welch**

(in association with the English and Irish departments of St. Patrick's College)

Tar éis na léachta, nochtfar portráid nuadhéanta de Mháirtín Ó Cadhain, coimisiúnaithe ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, leis an ealaíontóir Caoimhghin Ó Croidheáin.

A newly commissioned portrait of Máirtín Ó Cadhain will be unveiled after the lecture.

8.30pm Coláiste Phádraig
Cead isteach/Admission €10 (mic léinn/students €5)
Amharclann an Choláiste, St. Patrick's College

***AN EOCHAIR* LEIS AN gCADHNACH**
Evening performance of Máirtín Ó Cadhain's ***An Eochair***

Bunaithe ar an ngearrscéal le Máirtín Ó Cadhain, insíonn ***An Eochair*** scéal 'J' – státseirbhíseach atá faoi chois – dúinn. Dráma greannmhar is ea é seo a thugann léargas dúinn ar an saol taobh istigh de bhallaí na státseirbhíse. Is é 2006 bliain chomórtha bhreith an Chadhnaigh agus tá an dráma seo á léiriú mar chuid den chomóradh sin.

An Eochair (The Key) tells the story of 'J' – a poor, oppressed civil servant – revealing a quirky, comic, vision of life in the civil service. A special performance by Aisteoirí Bulfin in association with IMRAM.

FRIDAY 13 OCTOBER
Dé hAoine 13 Deireadh Fómhair

1.00pm Anthology Books Saorchead isteach/Adm free
Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill

LÉAMH/READING:
RITA KELLY & GRÉAGÓIR Ó DÚILL

Rita Kelly is the author of the bilingual collections ***Farewell/Beir beannacht*** and ***Travelling West*** – she is hailed by Máire Mhac an tSaoi as 'a love poet of great lyric power and beauty'. Poet and short-story writer **Gréagóir Ó Dúill** is noted for the questioning drive of his work, and his many books include ***Mar Atá*** and ***Blaoscoileán***.

Beirt fhilí iad Kelly agus Ó Dúill a bheadh molta dá mbeimis inár dtost agus is criticeoirí sárchumasacha iad freisin, sa dá theanga. Ná bac gur Aoine an tríú lá déag é – bí ann, más i mBarra an Teampaill féin é!

7.00pm Anthology Books Saorchead isteach/Adm free

LÉAMH/READING:
LIAM MAC CÓIL & SEÁN Ó DÚROIS

Scríbhneoir agus criticeoir is ea **Liam Mac Cóil**. Tá leabhair iomráiteacha, ailt, agus aistí scríofa aige faoi chúrsaí litríochta, staire, ceoil agus ealaíon.

Liam Mac Cóil is the author of the bestselling novel ***An Dochtúir Áthas*** and the literary diary ***Nótaí ón Lár***. His latest book is the historical novel ***Fontenoy***, telling the story of a young man's life in the Irish Brigade of the French army in 1745.

Tá **Seán Ó Dúrois** ag obair leis an BBC i mBéal Feirste agus chaith sé roinnt blianta ag teagasc i nGaelcoileanna. Tá sealanna thar sáile caite aige sa Spáinn agus sa tSeapáin agus de thoradh an tseala sa tSeapáin, rinne sé aistriúchán ar scéalta Akutagawa Ryuunosuke. Coiscéim a d'fhoilsigh an cnuasach sin, ***Rashoomon***.

Seán Ó Dúrois is the author of the historical crime novels ***Crann Smola*** and ***Rí na gCearrbhach*** – set in 1860s Belfast, they fuse politics, history and gripping storytelling as the reader follows the exploits of Detective Eugene Watters.

9.00pm Boom Boom Room Cead isteach €10
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell/70 Parnell St

THE GAELIC JAZZ PROJECT / AN TIONSCADAL SNAGCHEOIL GAELACH (le Gearóid Mac Lochlainn, Louis de Paor agus Dairena Ní Chinnéide)

Oíche Snagcheoil a chuirfidh snag orainn go léir! Scata de na hoirfidigh is breátha sa tír a bhfuil a gcáil á leathnú ón Sciobairín go Sydney. Éagsúlacht mhór guthanna agus uirlisí, manglam do na céadfaithe go léir. Bígí ann in am mar beifear ag crochadh as na fraitheacha!

A gig that promises to electrify the IMRAM festival. **Seán Óg** (saxophone, flute, clarinet, chord drone) is a leading composer in the vanguard of improvised music; he will be joined by **Cormac O'Brien** (bass/trombone) and **Kevin Brady** (percussion/drums) Together with three of the most radical voices in modern Irish literature – **Louis de Paor**, **Gearóid Mac Lochlainn** and **Dairena Ní Chinnéide** – they will create a spellbinding fusion of hip-hop, jazz, poetry and pure sound.

The gig will also feature a special screen projection of text from **Daithí Ó Muirí**'s ***Ceolta***, created by graphic artist and calligrapher **Mary Schoales**.

IMRAM would especially like to thank Sheila Pratschke and the Tyrone Guthrie Centre for kindly providing rehearsal space for this project – and Kenneth Killeen of the Improvised Music Company for his invaluable advice.

SATURDAY 14 OCTOBER
Dé Sathairn 14 Deireadh Fómhair

9.00pm Boom Boom Room Cead isteach/Admission €10
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell/70 Parnell St

THE GAELIC HIT FACTORY (Louis de Paor & John Spillane) & SONGS FROM *AN LEABHAR MÓR* WITH PÁDRAIGÍN NÍ UALLACHÁIN, LAOISE KELLY & CHRISTINE PRIMROSE

Is é atá sa **Gaelic Hit Factory** an file sionnachúil **Louis de Paor** agus **John Spillane**, amhránaí agus cumadóir amhrán. Tugadh moladh thar na bearta don leabhar is déanaí ó Louis, ***Ag Greadadh Bas sa Reilig/Clapping in the Cemetery***. Bhain an t-albam is déanaí ó John, ***Hey Dreamer,*** uimhir a ceathair amach sna cairteacha agus sa catagóir Folk bronnadh duais air ag an Meteor Ireland Music Awards. Amhránaí sárbhinn í **Pádraigín Ní Uallacháin**. Sheasfá sa sneachta ag éisteacht léi.

Ceallach an Cheoil: As Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, do **Laoise Kelly**. Cláirseoir mór le rá í agus taifeadtaí déanta aici le Sinéad O'Connor, Mary Black, The Chieftains agus Kate Bush. As Inse Ghall don Ghael uasal **Christine Primrose** agus dúchas na hamhránaíochta faighte mar bhainne cíche aici. Is iomaí duais atá buaite ag Christine ag Mod na hAlban agus ag an bhFéile Phan-Cheilteach agus bíonn an-tóir ar a máistir-ranganna san amhránaíocht. Ceannródaí is ea í a bhfuil an domhan siúlta aici.

The Gaelic Hit Factory combines the talents of 'foxy poet' **Louis de Paor** and singer-songwriter **John Spillane**. **Pádraigín Ní Uallacháin** is the author of the acclaimed ***A Hidden Ulster: people, songs and traditions of Oriel***. Her most recent album ***Áilleacht/Beauty*** is hailed as a 'wonderfullly textured recording and a substantial and deeply satisfying piece of work' (*Journal of Music in Ireland*). Harpist **Laoise Kelly** will accompany Pádraigín tonight. **Christine Primrose**, from the Isle of Lewis in the Outer Hebrides, has been singing traditional Gaelic song all her life. Christine has won many prizes at the Mod and the Pan Celtic festivals. Her albums include ***Àite mo Ghaoil/Place of my Heart*** and ***Gun Sireadh, Gun Iarraidh/Without Seeking, Without Asking***.

SUNDAY 15 OCTOBER
Dé Domhnaigh 15 D Fómhair

CLABHSÚR AR IMRAM 2006
THE BEGINNING OF THE END

2.30pm Boom Boom Room
Cead isteach/Admission €5
Conway's Bar, 70 Sráid Pharnell

ÉIGSE AN MHIC OSCAILTE: MUSIC AND SONG FROM TONY MAC MAHON, STEVE COONEY & LORCÁN MAC MATHÚNA & OPEN MIC POETRY

Cuirfidh **Tony Mac Mahon**, **Steve Cooney** agus **Lorcán Mac Mathúna** clabhsúr ar **IMRAM 2006** agus buailfidh aíonna speisialta isteach ó ghort na héigse. Ósclófar an micreafón chun deis a thabhairt don phobal a rogha dánta i nGaeilge nó i mBéarla a reic, a saothar féin nó saothar daoine eile. Bí ag cleachtadh anois agus má tá fonn ort páirt a ghlacadh in Éigse an Mhic Oscailte, téigh i dteagmháil roimh ré, le do thoil, le **Liam Carson**: liamog62@eircom.net

IMRAM ends in style with a session from two of our greatest traditional musicians – **Tony Mac Mahon** (accordeon) and **Steve Cooney** (guitar) – and singer **Lorcán Mac Mathúna**, interspersed with poetry from special guests. All are welcome to contribute their own poems (in Irish or in English) – or to read a favourite poem in Irish – in an Open Mic scenario. Those wishing to participate should e-mail **Liam Carson** in advance at liamog62@eircom.net.

IMRAM OCTOBER 10–15 DEIREADH FÓMHAIR 2006

Tuesday 10 Dé Máirt

5.30pm Anthology Books	Seoladh leabhair/book launch: *dánta.com* le Mícheál Ó hUanacháin
6.30pm The Lab	Launch of *An Leabhar Mór* Exhibition
9.00pm Boom Boom Room	San Juan de la Cruz, Federico García Lorca y Michael Hartnett

Wednesday 11 Dé Céadaoin

1.00pm Anthology Books	Lorcán Ó Treasaigh & Éilís Ní Dhuibhne
6.00pm Damer Hall	Pádraig Ó Snodaigh, Bríd Ní Mhóráin & Aindrias Ó Cathasaigh
8.00pm Sugar Club	Máimín Cajun Band, Liam Ó Muirthile, Colm Breathnach & Colette Nic Aodha

Thursday 12 Déardaoin

1.00pm Anthology Books	Díospóireacht/Debate: An 10 Leabhar Gaeilge Is Fearr: An Raibh an Ceart ag *Foinse*?
6.00pm Goethe-Institut	Trilingual reading and launch of Hilde Domin book with Gabriel Rosenstock & Hans-Christian Oeser
7.00pm Coláiste Phádraig	'Samuel Beckett and Máirtín Ó Cadhain: The Vehemence of the Dead'
8.30pm Coláiste Phádraig	*An Eochair* leis an gCadhnach / Evening performance of Máirtín Ó Cadhain's *An Eochair*

Friday 13 Dé hAoine

1.00pm Anthology Books	Rita Kelly & Gréagóir Ó Dúill
7.00pm Anthology Books	Liam Mac Cóil & Seán Ó Dúrois
9.00pm Boom Boom Room	The Gaelic Jazz Project / An Tionscadal Snagcheoil Gaelach (le Louis de Paor, Gearóid Mac Lochlainn agus Dairena Ní Chinnéide)

Saturday 14 Dé Sathairn

9.00pm Boom Boom Room	The Gaelic Hit Factory (Louis de Paor & John Spillane) with Pádraigín Ní Uallacháin, Laoise Kelly & Christine Primrose

Sunday 15 Dé Domhnaigh

2.30pm Boom Boom Room	Éigse an Mhic Oscailte / Music and song from Tony Mac Mahon, Steve Cooney & Lorcán Mac Mathúna & Open Mic Poetry

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócáidí. Ceannaigh leabhar nó dhó! Agus ceannaigh piont d'fhile!

The festival bookseller – **Anthology Books** – will have books on sale at most IMRAM events. Buy a book or two – and buy a poet a pint!

Tuilleadh eolais/Further information:
Liam Carson r-phost/e-mail liamog62@eircom.net
fón/phone 01-8329594 nó 087-2912797

Stiúthóirí Imram/Festival directors:
Liam Carson, Colette Nic Aodha, Cathal Póirtéir, Gabriel Rosenstock, Joe Woods

Dearadh: Oldtown

Saothar ealaíne an chlúdaigh le Ahmad Austin / Cover painting courtesy of SQ Space, Belfast